



Uimhir 44 de 2009

**AN tACHT UM CHOIMISIÚN THITHE AN OIREACHTAIS
(LEASÚ) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe.
2. Seirbhís Thithe an Oireachtais.
3. Feidhm na Seirbhíse.
4. Leasú ar alt 4 (feidhmeanna an Choimisiúin) den Phríomh-Acht.
5. Cód iompair.
6. Leasú ar alt 5 (maoiniú an Choimisiúin) den Phríomh-Acht.
7. Leasú ar alt 8 (comhaltas agus téarma oifige) den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 12 (foireann an Choimisiúin) den Phríomh-Acht.
9. Leasú ar alt 13 (meastachán bliantúil ar chaiteachas leanúnach) den Phríomh-Acht.
10. Coiste iniúchóireachta.
11. Ard-Rúnaí na Seirbhíse.
12. Feidhmeanna an Ard-Rúnaí.
13. Íocaíochtaí, slánú, etc., i leith daoine áirithe atá i bhfostaíocht.
14. Tagairt in achtacháin eile d'Oifig Thithe an Oireachtais.
15. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

CUID 1

[Uimh. 44.] *An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009.*

LEASÚ AR ACHTANNA CHUN AINM OIFIG THITHE AN OIREACHTAIS A
ATHRÚ GO DTÍ SEIRBHÍS THITHE AN OIREACHTAIS

CUID 2

LEASÚ AR IONSTRAIMÍ REACTÚLA CHUN AINM OIFIG THITHE AN
OIREACHTAIS A ATHRÚ GO DTÍ SEIRBHÍS THITHE AN OIREACHTAIS

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956	1956, Uimh. 46
Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005	2005, Uimh. 18
Na hAchtanna um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 1866 go 1998	
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht um Míchumas 2005	2005, Uimh. 14
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2004	2004, Uimh. 15
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	1995, Uimh. 22
Exchequer and Audit Departments Act 1866	29 & 30 Vict., c.39
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003	2003, Uimh. 28
Na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 agus 2006	
An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006	2006, Uimh. 39
An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000	2000, Uimh. 39
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	2003, Uimh. 32
An tAcht um an Oireachtas (Líúntais do Chomhaltaí) 1962	1962, Uimh. 32
An tAcht um an Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú) 1996	1996, Uimh. 39
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004	2004, Uimh. 33
An tAcht um Fhoireann Thithe an Oireachtais 1959	1959, Uimh. 38



Uimhir 44 de 2009

**AN tACHT UM CHOIMISIÚN THITHE AN OIREACHTAIS
(LEASÚ) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM
CHOIMISIÚN THITHE AN OIREACHTAIS 2003 AGUS,
DÁ RÉIR SIN, DO LEASÚ NA dTAGAIRTÍ D'OIFIG
THITHE AN OIREACHTAIS IN ACHTACHÁIN ÁIRITHE.
[21 Nollaig, 2009]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003.

2.—Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht—

Seirbhís Thithe an Oireachtais.

- (a) tríd an míniú ar “Oifig Thithe an Oireachtais” (a cuireadh isteach le halt 2(a) d’Acht 2006) a scriosadh,
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “feidhmeanna”:

“ciallaíonn ‘Houses of the Oireachtas Service’ nó, sa Ghaeilge, ‘Seirbhís Thithe an Oireachtais’, an oifig den tseirbhís phoiblí a bhfuil státseirbhísigh don Stát mar fhoireann aici, arna bhfostú ag an gCoimisiún, a fheidhmíonn feidhmeanna faoi alt 3A agus faoin gCoimisiún le linn Tithe an Oireachtais a reáchtáil faoi alt 4(1);”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Ard-Rúnaí”:

“ciallaíonn ‘Seirbhís’ Seirbhís Thithe an Oireachtais.”.

[Uimh. 44.] *An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009.*

Feidhm na Seirbhíse.

3.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“3A.—Is í feidhm na Seirbhíse comhairle agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar—

- (a) don Choimisiún,
- (b) do Thithe an Oireachtais agus dá gCoistí, agus
- (c) do chomhaltaí Thithe an Oireachtais.”.

Leasú ar alt 4 (feidhmeanna an Choimisiúin) den Phríomh-Acht.

4.—Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a cuireadh isteach le halt 3(1) d’Acht 2006):

“(1) Is iad feidhmeanna an Choimisiúin—

- (a) socrú a dhéanamh maidir le Tithe an Oireachtais a réachtáil,
- (b) gníomhú mar chomhlacht ceannais na Seirbhíse,
- (c) beartas i ndáil leis an tSeirbhís a bhreithniú agus a chinneadh, agus
- (d) maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ag an Ard-Rúnaí.

(1A) Beidh an Coimisiún cuntasach do Thithe an Oireachtais as comhlíonadh a fheidhmeanna.”,

- (b) i bhfo-alt (2), i mír (b), trí “na Seirbhíse” a chur in ionad “Oifig Thithe an Oireachtais”, agus
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4A) (a cuireadh isteach le halt 3(3) d’Acht 2006):

“(4A) Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann i ndáil le húsáid seirbhísí agus saoráidí a sholáthraítear as cistí poiblí tar éis lánscore ar Dháil Éireann, agus—

- (a) féadfaidh sé seirbhísí agus saoráidí den sórt sin a sholáthar, agus
- (b) sonróidh sé muirear cuí as úsáid den sórt sin ar shlí seachas i leith dualgas mar ionadaithe poiblí.

(4B) Beidh aird ag an gCoimisiún ar an ngá atá ann na torthaí is tairbhiúla a áirithiú ar torthaí iad atá ar comhréir le luach ar airgead a bhaint amach le linn na hacmhainní atá ar fáil dó a úsáid.”.

Cód iompair.

5.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

“4A.—(1) Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, cód iompair a ullmhú agus a fhoilsiú mar threoir do chomhaltaí an Choimisiúin.

(2) Beidh aird ag comhalta den Choimisiún ar an gcód agus beidh sé nó sí faoina threoir i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus i ndáil le haon nithe eile lena mbaineann an cód.

(3) Féadfaidh an tArd-Rúnaí, ar iarraidh ó chomhalta den Choimisiún, comhairle a thabhairt don chomhalta i ndáil le feidhm an chóid.”.

6.—Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2) (a cuireadh isteach le halt 4 d’Acht 2006):

Leasú ar alt 5
(maoiniú an
Choimisiúin) den
Phríomh-Acht.

“(1) Faoi réir fho-alt (2), déanfar an caiteachas a thabhoídh an Coimisiún i gcomhlíonadh a fheidhmeanna le linn na tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2010 a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis agus a íoc amach as sin.

(2) Ní dhéanfar suim is mó ná €360,000,000 a mhuirearú agus a íoc amach amhlaidh.”.

7.—(1) Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (11) agus (12):

Leasú ar alt 8
(comhaltas agus
téarma oifige) den
Phríomh-Acht.

“(11) Féadfar gnáthchomhalta den Choimisiún a chur as oifig tráth ar bith ar chúiseanna sonraithe le rún arna rith ag Dáil Éireann nó ag Seanad Éireann, de réir mar is cuí.”.

(2) Beidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le gnáthchomhaltaí den Choimisiún a cheapfar tar éis teacht i ngníomh don Acht seo.

8.—Leasaítear alt 12 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

Leasú ar alt 12
(foireann an
Choimisiúin) den
Phríomh-Acht.

“(3A) Aon duine is státseirbhíseach agus—

(a) a aistrítear faoi fho-alt (1), nó

(b) a cheapar faoi fho-alt (3)(a),

is státseirbhíseach don Stát é nó í.”.

9.—Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

Leasú ar alt 13
(meastachán
bliantúil ar
chaiteachas
leanúnach) den
Phríomh-Acht.

“(4A) Más rud é, in aon bhliain, ar chomhairle ón Ard-Rúnaí, gur deimhin leis an gCoimisiún gur mó an méid airgid a bheidh de dhíth air—

(a) i leith caiteachais leanúnaigh do thréimhse 12 mhí dar tosach an 1 Eanáir, nó

(b) i leith aon ní eile a shonraítear i Sceideal 1 mar dheontas-i-gcabhair,

ná an méid airgid arna shonrú i leith aon tréimhse nó ní den sórt sin ag an gCoimisiún i ráiteas faoi mheastacháin arna ullmhú agus arna fhoilsiú de réir fho-alt (1), déanfaidh an Coimisiún ráiteas forlíontach faoi mheastacháin ar an méid airgid breise a bheidh de dhíth air faoi chomhair an bharrachais sin a ullmhú agus a fhoilsiú.

(4B) Déanfar aon ráiteas forlíontach faoi mheastacháin arna ullmhú agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún a thíolacadh do Dháil Éireann, tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse lena mbaineann sé, ar an modh atá leagtha amach i bhfo-alt (3)(a) agus, ar an ráiteas a bheith tugtha dá haire ag Dáil Éireann, tabharfaidh an tArd-Rúnaí don Aire é.”.

Coiste
iniúcháireachta.

10.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 14:

“14A.—(1) Bunóidh an Coimisiún coiste iniúcháireachta (‘coiste’) chun na feidhmeanna a shonraítear san alt seo a chomhlíonadh.

(2) A luaithe is féidir tar éis gnáthchomhaltaí an Choimisiúin a cheapadh faoi alt 8(3), ceapfaidh an Coimisiún comhaltaí an choiste.

(3) Is iad na daoine seo a leanas a bheidh ar an gcoiste:

(a) comhalta amháin den Choimisiún,

(b) comhalta amháin ar a laghad, ach líon nach mó ná 3 comhalta, de cheachtar Teach den Oireachtas nach comhaltaí den Choimisiún iad,

(c) beirt eile ar a laghad, ach líon nach mó ná triúr eile, a ainmneoidh an tArd-Rúnaí, ar daoine iad atá cáilithe go gairmiúil san airgeadas nó sa chuntasaíocht nó a bhfuil taithí iniúcháireachta acu agus nach bhfuil, agus nach raibh riamh, ina gcomhaltaí de Thithe an Oireachtais, agus

(d) comhalta amháin d’fhoireann na Seirbhíse a ainmneoidh an tArd-Rúnaí, nach comhalta den fhoireann é nó í atá freagrach go díreach as feidhmeanna airgeadais.

(4) 3 is córam do chruinniú den choiste.

(5) Déanfaidh an Coimisiún duine de na daoine a cheapfar faoi fho-alt (3)(c) a ainmniú mar chathaoirleach ar an gcoiste.

(6) (a) Beidh na comhaltaí den choiste a cheapfar faoi fho-alt (3)(a) agus (b) i seilbh oifige fad a bheidh siad ina gcomhaltaí den Choimisiún nó den Teach iomchuí den Oireachtas, de réir mar a bheidh.

(b) Beidh na comhaltaí den choiste a cheapfar faoi fho-alt (3)(c) agus (d) i seilbh oifige go dtí go gceapfar a gcomharbaí.

(7) Faoi réir fho-alt (6), beidh na comhaltaí a cheapfar faoi fho-alt (3)(c) i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an Coimisiún.

(8) Féadfaidh an Coimisiún comhalta den choiste a chur as oifig tráth ar bith ar chúiseanna sonraithe.

(9) Cinnteoidh an tArd-Rúnaí go ndéanfar pleananna agus tuarascálacha iniúchóireachta uile an Choimisiúin a sholáthar don choiste.

(10) Déanfaidh an coiste—

(a) comhairle a thabhairt don Ard-Rúnaí maidir le cúrsaí airgeadais a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna, agus

(b) comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le cúrsaí rialachais chorparáidigh a bhaineann lena fheidhmeanna, agus

(b) tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún uair sa bhliain ar a laghad maidir lena chuid gníomhaíochtaí sa bhliain roimhe sin.

(11) Áirítear ar dhualgais an choiste faoi fho-alt (10)(a) comhairle a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) treoirlinnte seirbhíse poiblí maidir le cúrsaí airgeadais a chur i ngníomh go cuí,

(b) alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act* 1866, alt 19 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 agus aon oibleagáidí eile a fhorchuirtear le dlí agus a bhaineann le cúrsaí airgeadais a chomhlíonadh,

(c) iomchuibheas, éifeachtúlacht agus éifeachtacht nósanna imeachta an Choimisiúin maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) soláthar poiblí,

(ii) cead a lorg i leith caiteachais agus déanamh de réir an cheada sin,

(iii) sócmhainní a fháil, a choimeád agus a dhiúscairt,

(iv) bainistiú priacail,

(v) tuairisciú airgeadais,

(vi) iniúchóireacht inmheánach,

(vii) rialuithe inmheánacha,

agus

(d) foirm chuntais an Choimisiúin a bheidh le ceadú ag an Aire faoi alt 14.

(12) Féadfar tuarascáil an choiste faoi fho-alt (10)(c) a fhoilsiú i dteannta thuarascáil bhliantúil an Choimisiúin faoi alt 6.

(13) Tiocfaidh an coiste le chéile 4 huaire ar a laghad gach bliain agus féadfaidh sé a iarraidh ar dhuine atá freagrach as iniúchtaí inmheánacha nó cúrsaí airgeadais laistigh d'fhoireann na Seirbhíse, nó ar aon duine eile is cuí leis, freastal ar chruinnithe sonracha.”.

Ard-Rúnaí na
Seirbhíse.

11.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 15:

“15.—(1) Is é nó is í an duine atá de thuras na huaire i seilbh oifig Chléireach Dháil Éireann Ard-Rúnaí na Seirbhíse (dá ngairtear ‘an tArd-Rúnaí’ san Acht seo) agus féadfar an céanna a thabhairt air nó uirthi freisin.

(2) Is é nó is í an tArd-Rúnaí príomhfheidhmeannach an Choimisiúin.

(3) Is é nó is í an tArd-Rúnaí an t-oifigeach a bheidh cuntasach i gcuntais an Choimisiúin chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1866 go 1998.”.

Feidhmeanna an
Ard-Rúnaí.

12.—(1) Leasaítear alt 16 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Faoi réir chinneadh an Choimisiúin i dtaobh nithe a bhaineann le beartas agus ach amháin mar a ordóidh an Coimisiún a mhalairt nó mar a fhoráiltear a mhalairt le haon Acht eile nó faoi, tá údarás ag Ard-Rúnaí na Seirbhíse na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh, tá an fhreagracht sin air nó uirthi agus tá sé nó sí cuntasach sa chéanna:

(a) foireann agus riarachán na Seirbhíse a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, beartais de chuid an Choimisiúin is cuí maidir leis an tseirbhís sin a chur i ngníomh agus faireachán a dhéanamh orthu, agus aschuir arna gcinneadh i dteannta an Choimisiúin a sholáthar,

(b) comhairle a sholáthar don Choimisiún agus do chathaoirleach an Choimisiúin maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo,

(c) d’fhoillíocht a thabhairt d’fho-alt (6), sracléiriú a ullmhú maidir leis an gcaoi a ndéanfar gnéithe sonracha de na freagrachtaí a thuairiscítear i míreanna (d) go (i) a shannadh ionas go gcinnteofar gur comhalta d’fhoireann an Choimisiúin de ghrád cuí nó de chéim chuí a chomhlíonann na feidhmeanna a chomhlíontar thar ceann an Choimisiúin,

(d) comhairle a sholáthar don Choimisiún i leith aon ní atá faoi réim fhreagrachtaí na Seirbhíse, nó a fhearann orthu nó a bhaineann leo, agus

is bun le caiteachas ábhartha atá
inmhuirearaithe ar a chuntais,

- (e) a chinntiú go gcuirtear socruithe cuí ar bun a éascóidh freagairt éifeachtach do nithe a bhaineann leis an tSeirbhís agus le brainsí eile den tseirbhís phoiblí araon,
- (f) a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní na Seirbhíse ar mhodh atá de réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 d'fhonn a chumasú go dtabharfaidh an tArd-Rúnaí aghaidh go cuí ar na nithe dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) d'alt 19(1) den Acht sin,
- (g) ráiteas a ullmhú maidir le rialú airgeadais inmheánach chun go ndéanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste athbhreithniú air i gcomhthéacs an iniúchta lena mbaineann alt 14(2),
- (h) modhanna a scrúdú agus a fhorbairt a fheabhsóidh soláthar seirbhísí atá éifeachtach ó thaobh costas de ag an tSeirbhís,
- (i) faoi réir Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956 agus an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, bainistiú a dhéanamh ar gach ní a bhaineann le ceapacháin, feidhmíocht, araíonacht agus dífhostú foirne is ísle grád ná Príomhoifigeach, nó a choibhéis sa tSeirbhís,
- (j) an fhreagracht i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna a bhfuil an tArd-Rúnaí freagrach iontu a shannadh do chomhaltaí d'fhoireann an Choimisiúin ar de ghrád cuí nó de chéim chuí iad, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le sannadh den sórt sin, d'fhonn comhchuibheas beartais ar fud na Seirbhíse a chinntiú agus d'fhonn a chinntiú go ndéantar, más cuí, an fhreagracht i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a shannadh fairis sin do chomhaltaí eile d'fhoireann an Choimisiúin ar de ghrád cuí nó de chéim chuí iad,
- (k) tuarascálacha a thabhairt don Choimisiún gach bliain faoi dhul chun cinn maidir leis an bplean straitéiseach, mar a mhínítear i bhfo-alt (4)(b), a chur i ngníomh.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Tá an tArd-Rúnaí cuntasach don Choimisiún le linn na dualgais nó na feidhmeanna dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chomhlíonadh agus tá sé nó sí cuntasach dó chun barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid acmhainní an Choimisiúin a áirithiú.”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Ullmhóidh an tArd-Rúnaí ráiteas faoi luachanna le haghaidh na Seirbhíse agus cuirfidh sé nó sí an ráiteas sin sa phlean straitéiseach dá dtagraítear i bhfo-alt (4).”,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Féadfaidh an Coimisiún, faoi réir an Achta seo nó aon Acht eile, ordacháin i scríbhinn a thabhairt don Ard-Rúnaí i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna faoi fho-alt (1) go (4) seachas—

(a) fo-alt (1)(i),

(b) nithe a bhaineann le comhaltaí aonair d’fhoireann na Seirbhíse a bhainistiú, agus

(c) i ndáil le comhairle arna hiarraidh air nó uirthi nó arna tabhairt aige nó aici ina cháil nó ina cáil mar Chléireach Dháil Éireann i leith Dháil Éireann nó aon choiste nó comhalta dá cuid.”,

agus

(e) i bhfo-alt (6)(a)(vi), trí “(1)(i)” a chur in ionad “(1)(g)”.

(2) Leasaítear alt 14(2) (arna leasú le halt 9 d’Acht 2006) den Phríomh-Acht trí “(16)(1)(g)” a chur in ionad “16(1)(ea)”.

Íocaíochtaí, slánú, etc., i leith daoine áirithe atá i bhfostaíocht.

13.—(1) Más rud é go n-éilítear gur bhain díobháil do dhuine ar ina leith—

(a) a bhain an díobháil don duine i gcúrsa fostaíochta mar chúntóir rúnaíochta (cibé acu a thugtar nó nach dtugtar an teideal sin ar an duine) ag comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ag páirtí polaitíochta cláraithe a raibh comhaltaí aige i gceachtar de na Tithe sin nó sa dá Theach an tráth iomchuí, agus

(b) a fuarthas luach saothair as an bhfostaíocht sin trí íocaíochtaí a rinne Coimisiún Thithe an Oireachtais,

ansin, féadfaidh an Coimisiún le rialacháin foráil a dhéanamh maidir leis an gCoimisiún d’íoc nó do shlánú comhalta nó páirtí polaitíochta cláraithe den sórt i leith aon dámhachtana nó socraíochta, mar aon leis na costais, a bheidh tabhaithe mar thoradh ar imeachtaí arna dtionscnamh ag duine a fostaíodh faoi rialacháin arna ndéanamh ag an gCoimisiún faoi alt 2(1)(c) (a cuireadh isteach le halt 3 d’Acht 1996) den Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) 1962.

(2) Aisghairtear iad seo a leanas:

(a) fo-alt (2)(d) agus (4) d’alt 4 den Phríomh-Acht, agus

(b) alt 4 d’Acht 1996.

(3) San alt seo, ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um an Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú) 1996.

[2009.] *An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009.* [Uimh. 44.]

14.—(1) Leasaítear na hAchtanna a shonraítear i gCuid 1 den Sceideal mar a luaitear sa Chuid sin. Tagairtí in
achtacháin eile
d'Oifig Thithe an
Oireachtais.

(2) Leasaítear na hionstraimí reachtúla a shonraítear i gCuid 2 den Sceideal mar a luaitear sa Chuid sin.

15.—(1) Féadfar an tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal,
comhlua agus
tosach feidhme.

(2) Féadfar na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 go 2009 a ghairm de na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 agus 2006, agus den Acht seo, le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an 1 Eanáir 2010.

[Uimh. 44.] *An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009.*

Alt 14.

AN SCEIDEAL

CUID 1

LEASUITHE AR ACHTANNA CHUN AINM OIFIG THITHE AN OIREACHTAIS
A ATHRÚ GO DTÍ SEIRBHÍS THITHE AN OIREACHTAIS

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An leasú
1.	Alt 2(2)(a) agus (e) (a cuireadh isteach le halt 6 d'Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005) d'Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".
2.	Alt 20(1)(d) agus (e) (a cuireadh isteach le halt 16 d'Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005) den Acht um Fhoireann Thithe an Oireachtais 1959	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".
3.	Mír 1(7) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".
4.	Alt 2(1), mír (j) sa mhíniú ar "ceann comhlachta phoiblí", agus alt 22(1)(c)(I) agus (II) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, agus mír 1(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".
5.	An Sceideal a ghabhann leis an Acht um Ghlíomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".
6.	Alt 2(1), mír (f) sa mhíniú ar "ceann comhlachta phoiblí", d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus mír 1(1) den Chéad Sceideal a ghabhann leis Alt 2(1), mír (f) sa mhíniú ar "head of a public body", d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus mír 1(1) den Chéad Sceideal a ghabhann leis	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais". "Houses of the Oireachtas Service" a chur in ionad "Office of the Houses of the Oireachtas".
7.	Alt 24 den Acht Toghcháin (Leasú) 2004	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".
8.	Alt 2(1), mír (e) sa mhíniú ar "comhlacht poiblí", den Acht um Míchumas 2005	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".
9.	Uimhir thagartha 2, colún 1, de Sceideal 2 a ghabhann le hAcht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005	An leagan cuí gramadaí de "Seirbhís Thithe an Oireachtais" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "Oifig Thithe an Oireachtais".

CUID 2

LEASÚ AR IONSTRAIMÍ REACHTÚLA CHUN AINM OIFIG THITHE AN OIREACHTAIS A ATHRÚ GO DTÍ SEIRBHÍS THITHE AN OIREACHTAIS

Ítim	An fhoráil dá ndéantar difear	An leasú
1.	An Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin um Eitic in Oifigí Poiblí (Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí) 1996 (I.R. Uimh. 57 de 1996)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.
2.	Colún 2 (os coinne lua an Aire Airgeadais i gcolún 1) den Tábla a ghabhann leis an Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean agus a Thabhairt) 2001 (I.R. Uimh. 531 de 2001)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.
3.	Airteagal 1(a), agus sa mhíniú ar “oifig” in airteagal 2, den Ordú fán Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 (Ceann Oifig Thithe an Oireachtais a Ainmniú) 2002 (I.R. Uimh. 11 de 2002)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.
4.	Rialachán 6 de na Rialacháin um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Saoráidí Rúnaíochta) 2004 (I.R. Uimh. 96 de 2004)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.
5.	Cuid 1 de Sceideal 1 a ghabhann leis na Rialacháin um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Saoráidí Rúnaíochta) (Uimh. 5) 2004 (I.R. Uimh. 888 de 2004)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.
6.	Colún 2 den Sceideal a ghabhann leis an Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna Bainistíochta Éileamh a Tharmligean) 2005 (I.R. Uimh. 503 de 2005)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.
7.	An Sceideal a ghabhann leis an Ordú fán Acht um Míchumas 2005 (Cód Cleachtais) (Dearbhú) 2006 (I.R. Uimh. 163 de 2006)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.
8	Rialachán 2(1), mír (e) sa mhíniú ar “comhlacht poiblí”, de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2006 (I.R. Uimh. 666 de 2006)	An leagan cuí gramadaí de “Seirbhís Thithe an Oireachtais” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Oifig Thithe an Oireachtais”.